Feachtas Toghchánaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. lucht feachtais _____
2. aerfoirt réigiúnacha _____
3. comhionannas oideachais _____
4. scoil ilchreidmheach _____
5. a infheistiú _____
6. na pobalbhreitheanna _____
7. forbairt eacnamaíochta _____
8. comhrialtas _____
9. stádas comhionann _____
10. a bhaisteadh _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na teidil thábhachtacha a leanas?

President of Ireland
The Prime Minister
Deputy Prime Minister
The Speaker
The Irish Parliament
Member of Parliament

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a bhí á ghealladh ag Fine Gael inniu?
2. Cad a bhí le rá ag Enda Kenny?
3. Cad a bhí á ghealladh ag Páirtí an Lucht Oibre?
4. Cén foláireamh a thug Joan Burton?
5. Cad a dúirt Joan Burton faoi chúrsaí oideachais?

Ceist 4 '…lucht oibre…'

1. Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

   lucht
   pobal
   muintir

2. Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge anois:

   - *There's a big Irish community in Boston.*
   - *Smokers are not looked kindly upon today.*
   - *People learn how to cook from their own families.*
   - *The audience was very unsettled.*
   - *My father's people emigrated to New York after the Great Famine.*

Ceist 5 Féach ar na nithe seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An féidir leat cúis an uraithe a mhíniú?

- bhur **g**céad fáilte ar ais
- i **b**Port Láirge
- faoin **g**céad
- go **m**beadh
- a **b**páistí

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbeidh tú ag caitheamh vóta an Aoine seo chugainn?
2. An raibh Enda Kenny ina Thaoiseach maith le cúig bliana anuas, dar leat?
3. Cén dóigh a bhfuil feachtais pholaitíochta in Éirinn éagsúil ó fheachtais pholaitíochta sna Stáit Aontaithe?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. lucht feachtais	*campaigners*
2. aerfoirt réigiúnacha	*regional airports*
3. comhionannas oideachais	*equality in education*
4. scoil ilchreidmheach	*multi-faith school*
5. a infheistiú	*to invest*
6. na pobalbhreitheanna	*the polls*
7. forbairt eacnamaíochta	*economic development*
8. comhrialtas	*coalition*
9. stádas comhionann	*equal status*
10. a bhaisteadh	*to baptize*

Ceist 2

President of Ireland:	*Uachtarán na hÉireann*
The Prime Minister:	*An Taoiseach*
Deputy Prime Minister:	*An Tánaiste*
The Speaker:	*An Ceann Comhairle*
The Irish Parliament:	*Dáil Éireann*
Member of Parliament	*Teachta Dála (T.D.)*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1.

Lucht: Tá lucht gnó na tíre faoi bhrú eacnamaíochta de bharr cánacha móra.
Pobal: Tá pobal na Gaeltachta go láidir go fóill sa tír.
Muintir: Tá mé an-mhór le mo chol ceathracha; is breá liom bheith i measc mo mhuintire féin.

2.

Tá pobal an-mhór Éireannach i mBostún.
Ní chaitear go rómhaith le lucht caite tobac sa lá atá inniu ann.
Foghlaimíonn daoine scileanna cócaireachta óna muintir féin.
Bhí an lucht éisteachta/féachana an-chorraithe ar fad.
Chuaigh muintir m'athar ar imirce tar éis an Ghorta Mhóir.

Ceist 5

bhur **g**céad fáilte ar ais – *an aidiacht shealbhach, dara pearsa iolra.*
i **b**Port Láirge – *cuirtear urú ar ainmfhocal dár tús consan tar éis i.*
faoin **g**céad – *an tuiseal tabharthach, cuirtear urú ar an ainmfhocal a leanann réamhfhocal simplí agus an t-alt i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan.*
go **m**beadh – *leanann urú **go**.*
a **b**páistí – *an aidiacht shealbhach, tríú pearsa iolra.*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha
Bhur gcéad fáilte ar ais ag seomra na nuachta. Gan ach trí lá anois ann go mbeidh an tír ag vótáil, tá lucht feachtais go tréan ar na maidí. Tá Fine Gael ag díriú ar phlean fostaíochta taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus deich milliún euro sa mbreis[1] geallta acu d'aerfoirt réigiúnacha. Idir an dá linn, sheol Páirtí an Lucht Oibre plean faoi chomhionannas oideachais agus céad scoil ilchreidmheach geallta acu ó seo go ceann cúig bliana.

Caoimhe Ní Chonchoille
Bhí grúpa beag léirsitheoirí ag fanacht leis an Taoiseach i bPort Láirge ar maidin agus é ansin le cur síos a dhéanamh ar straitéis réigiúnach Fhine Gael maidir le postanna[2], ina bhfuil sé i gceist acu an ráta dífhostaíochta a laghdú go dtí faoi bhun seacht faoin gcéad, agus deich milliún euro breise a infheistiú sna haerfoirt réigiúnacha. Dúirt an Taoiseach gur léir ó na pobalbhreitheanna nach bhfuil cinneadh déanta ag go leor den phobal go fóill.

An Taoiseach, Enda Kenny
Sílim nár chóir ag an bpointe seo go mbeadh easpa muiníne ag muintir na hÉireann ó thaobh rialtais de agus ó thaobh forbairt eacnamaíochta a láidriú as seo amach.

Caoimhe Ní Chonchoille
Agus í i scoil i mBaile Átha Cliath, thug an Tánaiste foláireamh faoi chomhrialtas idir Fine Gael agus Fianna Fáil, agus faoi rialtas ina mbeadh go leor Neamhspleáigh mar chuid de. Ba ag díriú ar chúrsaí oideachais a bhí a Páirtí inniu.

An Tánaiste, Joan Burton
Creideann Páirtí an Lucht Oibre gur cheart go mbeadh na deiseanna oideachais ag gach aon pháiste agus bunóimid céad scoil nua faoi *Educate Together* faoin mbliain 2021.

Caoimhe Ní Chonchoille
Tá sé i gceist ag Páirtí an Lucht Oibre an tAcht um Stádas Comhionann a leasú sa dóigh is nach mbeidh brú ar thuismitheoirí a bpáistí a bhaisteadh nuair nach gcreideann siad ann, le háit scoile a chinntiú.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht
[2] *poist* an t-iolra caighdeánach